Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**6643/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0108(COD)**

**CODEC 166**
**TRANS 101**
**CH 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar de chumhacht don Iodáil comhaontú a chaibidil agus a thabhairt i gcrích leis an Eilvéis lena n-údaraítear oibríochtaí cabatáiste le linn seirbhísí iompair idirnáisiúnta de bhóthar do phaisinéirí ar chóiste agus ar bhus a bheith á soláthar i réigiúin teorann an dá thír **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach |

1. An 13 Bealtaine 2019, chuir an Coimisiún togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 2(1) CFAE agus ar Airteagal 91(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Meán Fómhair 2019[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. An 13 Aibreán 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 9362/19.
[2] IO C 14, 15.1.2020, lch. 118.
[3] 6626/20.

5. In éagmais cruinnithe den Chomhairle agus i bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle[4], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an dréachtchinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena dtugtar de chumhacht don Iodáil comhaontú a chaibidil agus a thabhairt i gcrích leis an Eilvéis lena n-údaraítear oibríochtaí cabatáiste le linn seirbhísí iompair idirnáisiúnta de bhóthar do phaisinéirí ar chóiste agus ar bhus a bheith á soláthar i réigiúin teorann an dá thír, mar a leagtar amach é in PE- CONS 2/20[5].

---

[4] Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020 lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 128I, 23.4.2020, lch. 1).

[5] Beidh PE-CONS 2/20 ar fáil in am trátha.